


Belong To LGBTQ+ Youth Ireland

# Gníomhaíochtaí agus Gníomhartha

## don tSeachtain Feasachta Seas an Fód



# Gníomhaíochtaí don tSeachtain Feasachta Seas an Fód

Ag lorg inspioráide? Léigh cuid dár smaointe maidir le gníomhaíochtaí anseo thíos nó breathnaigh ar an nGailearaí Smaointe atá san acmhainn seo le go bhfeicfidh tú cuid de na himeachtaí iontacha a d'eagraigh scoileanna, seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála fud fad na hÉireann anuraidh!

## Seol do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe

Is deis iontach í Seachtain Feasachta Seas an Fód chun do Chlub GSA nó LADTA+ agus Comhghuaillithe a sheoladh, nó le daoine óga a chur ar an eolas faoi na pleananna atá agat ceann a bhunú. B'fhiú tionól scoile a eagrú le go labhródh baill foirne agus daoine óga faoin gclub, faoina mbíonn ar siúl agaibh, agus an chaoi le bheith páirteach ann ionas go mbeadh an t-eolas á scaipeadh ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith neirbhíseach faoin eolas seo a iarraidh iad féin. An bhfuil Club GSA nó Club LADTA+ agus Comhghuaillithe bunaithe cheana féin? Deis iontach atá i Seachtain Feasachta Seas an Fód leis an sár-obair atá déanta go dtí seo a roinnt leis an bhfoireann agus leis na daoine óga! Foghlaim tuilleadh faoi Chlub GSA nó Club LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú ónár suíomh gréasáin. Cuir deilbhín ar líne isteach anseo ➔.

## Siúlbhealach Tuar Ceatha

Tá go leor bailte agus cathracha ar fud na hÉireann tar éis siúlbhealaí iontacha tuar ceatha a phéinteáil chun an pobal LADTA+ a cheiliúradh. Léiríonn na siúlbhealaí seo go bhfuil meas ar dhaoine LADTA+ sa phobal sin agus go bhfuiltear á gceiliúradh. An bhfuil áit éigin ar do thailte nó i d'fhoirgneamh féin ina bhféadfadh sibh siúlbhealach tuar ceatha de bhur gcuid féin a chruthú? Cruthaigh an siúlbhealach le péint nó cailc ag an ngeata ar an mbealach isteach, nó maisigh pasáiste, halla nó doras tosaigh le dathanna an tuar ceatha chun a thaispeáint go bhfuil do scoil, d'ionad Ógtheagmhála nó do sheirbhís óige ag cur daoine LADTA+ san áireamh.

## Ceangail leis an gCuraclam

Nuair a bhíonn féiniúlachtaí agus eispéiris na ndaoine LADTA+ curtha san áireamh sa churaclam cabhraíonn sé go mór le cuimsiú na ndaoine LADTA+ a chur chun cinn ó cheann ceann na bliana. Is féidir saothair le daoine óga a bhaineann le téamaí LADTA+ a thaispeáint i do leabharlann, sa halla nó ar an mbealach isteach. Tá moltaí le fáil inár n-acmhainní curaclaim don tSraith Shóisearach maidir le bealaí chun daoine LADTA+ a chuimsiú in ábhair éagsúla, amhail Eolaíocht, Mata, Stair agus Tíreolaíocht. Cuir deilbhín ar líne isteach anseo ➔.



## Lá na Geansaithe Tuar Ceatha

Cruthaigh bratach tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh ar a bhfuil dathanna na brataí tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra do Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha a eagraíonn Belong To. Ná déan dearmad roinnt grianghraf a ghlacadh agus iad a roinnt linn!

## Eagraigh Ócáid *Spill the Tea* de do chuid féin



Cuir síos an citeal agus léirigh tacaíocht do dhaoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann inniu! Tabhair daoine le chéile ar maidin chun airgead a theastaíonn go géar a bhailiú do Belong To – LGBTQ+ Youth Ireland. Bíodh díolachán cistí agaibh, nó má tá fonn iomaíochta oraibh nach bhféadfadh sibh comórtas bácála a eagrú? Deis iontach atá san imeacht Spill the Tea le nasc a chruthú le gach duine i bpobal na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí, siblíní, baill de do Bhord Bainistíochta agus go leor eile. Is féidir leat an ócáid a úsáid chun daoine a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis an gcomhghuaillíocht agus thar aon rud eile spraoi a bheith agaibh agus sibh ag tacú ag an am céanna le seirbhísí Belong To, atá in ann beatha daoine a shábháil. Tabhair cuairt ar ár mol ar líne chun do phacáiste tiomsaithe airgid Spill the Tea a fháil agus beidh gach rud agat lena chinntiú go mbeidh imeacht den scoth agaibh. Cuir deilbhín ar líne isteach anseo.

## Léigh an Tuar Ceatha

Deis iontach atá i Seachtain Feasachta Seas an Fód le rannóg nua nó rannóg nuashonraithe ar chúrsaí LADTA+ a chur sa leabharlann i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige. D'fhéadfaí a áireamh leis sin moltaí a fháil ó dhaoine óga maidir le húrscéalta LADTA+ a thaitin leo nó ar mhaith leo iad a léamh. Is áit iontach eile chun inspioráid a fháil é an liosta 'Rainbow Reads', atá curtha le chéile ag Leabhair Pháistí Éireann agus An Post. Déanann an liosta réimse leathan leabhar LADTA+ a chur i gcatagóirí de réir aoisghrúpa, agus tá sé ar fáil ónár mol oideachais ar líne.



## Tiomsú Airgid

Oibríonn Belong To chun Éire a chruthú ina mbeidh comhionannas ag gach duine óg LADTA+ agus ina mbeidh siad sábháilte agus faoi bhláth. Chuige seo úsáideann muid ár dtacaíochtaí túslíne agus ár ngrúpaí óige, chomh maith le hoiliúint agus abhcóideacht. Tá go leor bealaí a bhféadfá cabhrú lenár seirbhísí le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód, ar nós iarraidh ar na daltaí €2 a thabhairt isteach le haghaidh Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha, crannchur tuar ceatha a eagrú, nó díolachán cistí ar an téama LADTA+ a bheith agaibh. Más mian leat an pacáiste faoi thiomsú airgid a fháil, déan teagmháil le Chris (sé/é) ónár bhFoireann Tiomsaithe Airgid: fundraising@belongto.org / 01 670 6223.

## Clár Fógraí Bród

Roghnaigh clár fógraí tiomnaithe, clár bán nó balla chun teachtaireachtaí uileghabhálacha maidir le LADTA+ a thaispeáint ó cheann ceann na bliana. D'fhéadfadh eolas a bheith ann faoi do ghrúpa óige LADTA+ áitiúil, sonraí teagmhála do sheirbhísí tacaíochta LADTA+ ar nós Belong To, agus ainmneacha na mball foirne atá i gceannas ar fholláine, treoir agus uileghabhálacht LADTA+. Le linn Sheachtain Feasachta Seas an Fód, tabhair cuireadh do na comhghuaillithe a n-ainmneacha a shíniú ar an gclár fógraí Bród nó iarr orthu teachtaireachtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhágáil don phobal LADTA+.

# Amchlár na nImeachtaí

Níl deireadh ar bith leis an rogha atá ann ó thaobh imeachtaí a d'fhéadfá a eagrú do Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Anseo thíos, tá amchlár samplach curtha le chéile againn den chaoi a bhféadfá iad a fhí isteach i do sheachtain:



## Dé Luain

**Cuir tús le Seachtain Feasachta Seas an Fód le fógra don scoil ar fad faoina bhfuil i gceist leis. Tabhair cuireadh do roinnt daoine óga agus comhghuaillithe labhairt faoi théama Sheachtain Feasachta Seas an Fód. Má tá crann brataí agat, d'fhéadfadh sibh an bratach *Progress Pride* a ardú mar chuid den searmanas oscailte.**

## Dé Máirt

**Tá sé thar am a bheith feiceálach! Cén chaoi a bhféadfá timpeallacht a chruthú ina bhfuil sé an-soiléir go bhfuil daoine LADTA+ á gcur san áireamh? Bí cruthaitheach agus maisigh cláir fógraí in áiteanna atá feiceálach, ar mhaithe le timpeallacht scoile atá fáilteach agus éagsúil a chruthú.**

## Dé Céadaoin

**Tabhair aoichainteoir isteach chun labhairt faoi thopaicí LADTA+ agus an tábhacht a bhaineann le comhghuaillithe, nó taispeáin físeáin ar an ábhar sa rang. Tabhair cuireadh do bhaill foirne agus do dhaoine óga atá ag feidhmiú mar chomhghuaillithe páirt a ghlacadh ann.**

## Déardaoin

**Réitigh bia blasta agus eagraigh díolachán cácaí tuar ceatha! Is carthanas é Belong To a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil chun teacht i gcabhair ar dhaoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann. Smaoinigh ar an airgead a bhailítear ón díolachán a bhronnadh ar an gcúis iontach seo.**

## Dé hAoine


**Cruthaigh bratach tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh ar a bhfuil dathanna na brataí tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra do Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha a eagraíonn Belong To. Ná déan dearmad roinnt grianghraf a ghlacadh agus iad a roinnt le Belong To mar chuid dár bhfeachtas #SubmitIt!**

# Gailearaí de Smaointe

Faigh inspioráid maidir le smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí ó dhreamanna a ghlac páirt i Seachtain Feasachta Seas an Fód roimhe seo.




Clár fógraí LADTA+ le cód QR le haghaidh eolais agus línte cabhrach ag Mount St. Michael, Corcaigh.




Póstaeir do Sheachtain Feasachta Seas an Fód a cruthaíodh le linn rang códaithe i gColáiste Pobail Naomh Marcas, Baile Átha Cliath.



Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha in Iar-bhunscoil Naomh Oilibhéir, An Mhí.



Daltaí ag litriú an acrainm LADTA+ ag Scoil na mBráithre Críostaí, Baile Átha Cliath.



Lá smididh agus lá gan éide scoile le téama LADTA+ i gColáiste Pobail Ráth an Deagánaigh, Baile Átha Cliath.



Greamáin tuar ceatha 'Safe place' do chomhghuaillithe na ndaltaí LADTA+ i gColáiste Choilm, Corcaigh.



Díolachán cácaí tuar ceatha i gColáiste Pobail na Scairbhe, An Clár.



Colláisí ealaíne tuar ceatha ar théama an chairdis i gColáiste Bheannchair, Uíbh Fhailí.




Daltaí ag ardú bhratach Bród i gColáiste De La Salle, Co. Lú.

# Fócas ar Ghníomhaíocht: Club LADTA+ agus omhghuaillithe a bhunú

## Club LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú

B'fhéidir go mbeadh suim ag na daoine óga a chabhraigh leat Seachtain Feasachta Seas an Fód a eagrú leanúint lena n-abhcóideacht ar son daoine LADTA+. Tugann Clubanna LADTA+ agus Comhghuaillithe daoine óga le chéile chun spraoi a bheith acu, muintearas a chothú, tacaíocht a fháil agus dul i mbun feachtais chun athruithe dearfacha a dhéanamh ar shaincheisteanna atá tábhachtach dóibh.

Tá an Club LADTA+ agus Comhghuaillithe in ann a bheith ina n-uirlis iontach chun spásanna sábháilte a chruthú do dhaltaí LADTA+ agus dá gcomhghuaillithe, agus seans go mbeidh Club LADTA+ agus Comhghuaillithe difriúil i ngach scoil.



## An chaoi le do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú

### Roghnaigh comhairleoir nó Grúpa Comhairleach

Ba chóir go mbeadh ball nó baill den fhoireann páirteach i ngach Club LADTA+ agus Comhghuaillithe agus iad ag feidhmiú mar Chomhairleoir don ghrúpa. Cuideoidh an Comhairleoir le tús a chur leis an gClub agus é a choinneáil ag imeacht chomh maith le cabhrú leis na baill, nuair is gá, le nithe a choinneáil ag imeacht go seolta. D'fhéadfadh na baill foirne uainíocht a dhéanamh go seachtainiúil, gach dara seachtain nó uair sa mhí.

### Scaip an Scéal

Is é an bealach is fearr leis an scéal a scaipeadh ná baill foirne agus daltaí eile a chur ar an eolas faoin gClub ionas go mbeidh tú in ann fáilte a chur roimh na chéad bhaill. Is féidir é seo a dhéanamh trí thionóil, cruinnithe foirme nó póstaeir a chrochadh timpeall na scoile. Chomh maith leis sin, má roghnaíonn sibh ainm don Chlub is bealach spraíúil agus spreagúil atá ann leis na baill a chur ag obair le chéile.

### Réamh-ullmhúcháin do na Cruinnithe

Leag amach clár oibre agus tabhair poiblíocht don chruinniú. Smaoinigh ar an mbealach is fearr chun teacht ar dhaoine óga (fógráin, fógraí sa rang, na meáin shóisialta). Féach ar ár mol oideachais ar líne le haghaidh leideanna maidir leis an gcaoi le cruinniú maith a reáchtáil. ➔

Foghlaim tuilleadh faoi Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú inár mol oideachais ar líne! ➔

## Cé atá le cur san áireamh i do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe?

Is é an freagra gearr air sin ná aon duine atá báúil do spás a bheadh sábháilte agus tacúil a chruthú do dhaltaí LADTA+. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh an fhoireann agus na daltaí go bhfáiltítear roimh Chomhghuaillithe toisc go bhfuil siad tábhachtach ó thaobh timpeallacht thacúil a chruthú. Nuair a chuirtear na daltaí LADTA+ agus a gcomhghuaillithe araon san áireamh, is féidir le daoine óga nach bhfuil ag rá go poiblí fós gur daoine LADTA+ iad páirt a ghlacadh gan brú a bheith orthu a insint do dhaoine eile gur baill den phobal LADTA+ iad.

## Cén uair agus cén áit is fearr le do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe a rith?

Ós rud é go bhfuil gach Club LADTA + agus Comhghuaillithe difriúil, roghnaigh an t-am is fearr a oireann daoibh féin. D'fhéadfadh sé gur le linn am lóin uair sa tseachtain nó tar éis na scoile a bheadh i gceist. Ba cheart an club a reáchtáil i spás ina mbraitheann gach duine compordach agus a bhfuil teacht ag gach duine air. B'fhéidir gur mhaith leat an seomra a mhaisiú le roinnt póstaer nó íomhánna dearfacha a bhaineann le daoine nó topaicí LADTA+.

## Gníomhaíochtaí laistigh de do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe

Tá liosta tugtha thíos de chuid de na gníomhaíochtaí agus na róil is tábhachtaí a bhféadfadh do Chlub LADTA+ agus Comhghuaillithe tabhairt fúthu:

### Tacaíocht

Cuireann Clubanna LADTA+ agus Comhghuaillithe spás sábháilte ar fáil do dhaltaí a bhfuil deacracht acu maidir lena bhféiniúlacht, nó atá ag dul i ngleic le bulaíocht agus ciapadh mar gheall ar a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne. Chun go mbraithfidh gach duine go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil tacaíocht acu bheadh sé inmholta ag tús gach cruinnithe eolas a roinnt faoi na hainmneacha, na forainmneacha agus an chaoi a bhfuil gach duine ag mothú.

### Sóisialta

Cuidíonn Clubanna LADTA+ agus Comhghuaillithe le daltaí LADTA+ nó daltaí atá á gceistiú féin naisc shóisialta agus pobal a chruthú le daoine eile i spás atá sábháilte agus ina nglacfar leo. Mar gheall ar na Clubanna seo ní bhraitheann daoine óga LADTA+ chomh scoite amach agus a d'fhéadfadh siad a bheith. Le linn gach cruinnithe is féidir leat spás a chruthú chun tobsmaointeoireacht a dhéanamh maidir le tograí a bhféadfaí tabhairt fúthu nó gníomhaíochtaí le bheith páirteach iontu.

### Gníomhaíochas

Tugann Clubanna LADTA+ agus Comhghuaillithe deis do dhaltaí teacht le chéile chun beart a dhéanamh a chabhróidh lena scoil agus lena bpobal a dhéanamh níos fear do dhaltaí LADTA+. D'fhéadfaidís díriú ar oideachas a chur ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí; dul i ngleic le polasaithe agus nósanna imeachta na scoile; agus a bheith páirteach i bhfeachtais LADTA+ áitiúla agus náisiúnta. ➔



Belong To
13 Parliament St
Dublin 2, D02 P658

info@belongto.org
www.belongto.org
01 670 6223

Belong To is a registered charity in the Republic of Ireland
Registered Charity Number: 20059798. ©Belong To, 2024